**Cuntas Leithreasa 2014**

# Vóta 6

# Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

## Réamhrá

Tá dualgas orm mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 6 cuntas leithreasa an Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair iniúchta.

Tá an cuntas iniata ullmhaithe agam i leith an méid a caitheadh ar thuarastail agus ar chostais in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014, de réir an cheanglais sin.

Tá comparáid déanta idir toradh an chaiteachais agus na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2014, lena n-áirítear an tsuim den chaiteachas don bhliain a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaithe-i-gcabhair.

Tá barrachas €839,927 dlite le géilleadh don Státchiste.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Oifig.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Cheann Oifige. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i gcomhair bainistíocht airgeadais sannta
- tá nósanna imeachta bunaithe chun laigí suntasacha rialúcháin a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin chuí a chinntiú
- tá Coiste Iniúchta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den Oifig.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC.
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.
- Cinntíonn an Oifig go gcuirtear béim chuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad.  Chomhlíon an Oifig na treoirlínte ach amháin i gcás seacht gconradh arbh fhiú €0.606 milliún ar an iomlán iad a bhí liostaithe i mo thuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002. Áiríodh ar na cúiseanna nach raibh próiseas iomaíoch i bhfeidhm, mar atá sonraithe i mo thuairisceán, cineál speisialaithe na seirbhíse a soláthraíodh, soláthraí aonair seirbhíse agus Oifig ag fanacht ar chur i bhfeidhm Creatlaí soláthair lárnaí. Is féidir liom a dheimhniú gur leanadh gach nós imeachta náisiúnta agus AE cuí i leith gach soláthair, go raibh na praghsanna cothrom agus réasúnta agus gur léirigh siad an luach ab fhearr ar airgead. Tá an Oifig tar éis conarthaí a chur i bhfeidhm, sin nó tá sí i mbun iad a chur i bhfeidhm, nuair a bhaineann sin le hábhar, do na seirbhísí seo as seo amach.

***Rioscaí suntasacha airgeadais***

Mar atá leagtha amach thuas, is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí Comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais Chomhaontuithe Bainistíochta Seirbhísí idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte Acmhainní Daonna agus Párolla a sholáthar.

Braithim ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe cuí á gcleachtadh i soláthar seirbhísí comhroinnte don Roinn/Oifig seo.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Oifig le pearsanra le hoiliúint chuí, a fheidhmíonn de réir chairt scríofa atá ceadaithe agamsa. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne/Oifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ngníomhaítear ar thuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh.

**Slándáil teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide**

Feidhmíonn an Oifig rialuithe dea-chleachtais d'fhonn príomhrioscaí slándála a bhaineann le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (ICT) a mhaolú. Déantar athbhreithniú agus uasghrádú, nuair is gá, ar bhonn leanúnach ar chórais slándála ICT.

**Rialuithe airgeadais agus riaracháin**

Déanann MAC agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú go rialta ar rialuithe. Breithníonn MAC gach tuairisc iniúchta inmheánaigh.

**Eileen Creedon**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

31 Márta 2015

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
# Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 6 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 6 Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 6 Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Oifig. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Lúnasa 2015

# Vóta 6 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit
# Cuntas Leithreasa 2014

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas Cláir** | | | | |
| A | Seirbhísí dlí a sholáthar | 28,169 | 26,983 | 29,737 |
| | **Ollchaiteachas** | **28,169** | **26,983** | **29,737** |
| | *Bain de* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **1,860** | **1,514** | **1,432** |
| | **Glanchaiteachas** | **26,309** | **25,469** | **28,305** |

**Farasbarr le géilleadh**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr le géilleadh | 839,927 | 1,610,920 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 14,800 | 14,126 | 13,993 |
| ii | Taisteal agus cothú | 61 | 59 | 58 |
| iii | Traenáil agus forbairt agus costais theagmhasacha | 839 | 745 | 801 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 350 | 303 | 331 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha | 600 | 550 | 795 |
| vi | Costais áitribh oifige | 290 | 142 | 221 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar bheartais luach ar airgead | 29 | 20 | 7 |
| | | 16,969 | 15,945 | 16,206 |

# Nótaí i leith an Chuntais Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2014

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas cláir | | 11,038 | 13,531 |
| Pá | | 14,126 | 13,993 |
| Neamhphá | | 1,819 | 2,213 |
| **Ollchaiteachas** | | **26,983** | **29,737** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **1,514** | **1,432** |
| **Glanchaiteachas** | | **25,469** | **28,305** |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead ar cheannacháin | (80) | | |
| Dímheas | 287 | | |
| Caillteanas ar Dhiúscairtí | 5 | | |
| | | 212 | (9) |
| **Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | (69) | (39) |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 690 | | |
| Laghdú ar stoc | 4 | | |
| | | 694 | (1,018) |
| **Caiteachas díreach** | | **26,306** | **27,239** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 2,074 | 2,036 |
| Cíosanna barúlacha | | 795 | 825 |
| **Costas glan clár** | | **29,175** | **30,100** |

#### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

I ndáil le Vóta 6 a tabhaíodh in áit eile, tá méid an ghlan-chaiteachais ar sheirbhísí comhcheangailte comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 7 Airgeadas | 50 | 66 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 1,106 | 1,108 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 906 | 862 |
| Vóta 18 Seirbhísí Comhroinnte | 12 | — |
| | **2,074** | **2,036** |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2014

| | Nóta | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Caipitil** | 2.2 | 735 | 839 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.3 | — | 39 |
| | | **735** | **878** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 1,005 | 105 |
| Stoic | 2.5 | 43 | 47 |
| Réamhíocaíochtaí | | 152 | 150 |
| Ioncam fabhraithe[a] | | 9,699 | 9,890 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.6 | 416 | 334 |
| An glanchistiú Státchiste atá le híoc | 2.8 | 545 | 790 |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | **11,860** | **11,316** |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 1,235 | 734 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.7 | 1,966 | 1,229 |
| **Iomlán na nDliteanas Reatha** | | **3,201** | **1,963** |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **8,659** | **9,353** |
| **Glansócmhainní** | | **9,394** | **10,231** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **9,394** | **10,231** |

[a] Tá na costais faoi cháin atá le híoc i bhfabhar an Stáit suntasach agus tá a leithéid de chostais fós gan íoc ós rud é gurb é polasaí na hOifige coinneáil sa tóir ar gach ordú costais a bronnadh.

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2014** | **2013** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 10,231 | 9,165 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 26,309 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (840) | | |
| Vóta glan | | | 25,469 | 28,305 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1 | | 2,074 | 2,036 |
| Caiteachas neamh-airgid – measchíosanna | 1 | | 795 | 825 |
| Costas glan clár | 1 | | (29,175) | (30,100) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **9,394** | **10,231** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2014 | 4,141 | 1,706 | 5,847 |
| Breiseanna | 183 | 5 | 188 |
| Diúscairtí | (392) | (1) | (393) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2014 | 3,932 | 1,710 | 5,642 |
| **Dímheas Carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2014 | 3,667 | 1,341 | 5,008 |
| Dímheas don bhliain | 200 | 87 | 287 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (387) | (1) | (388) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2014 | 3,480 | 1,427 | 4,907 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2014** | **452** | **283** | **735** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2013** | **474** | **365** | **839** |

**2.3 Sócmhainní Caipitil atá á bhforbairt**

| ag 31 Nollaig | Feidhmchláir ríomhairí |
|---|---|
| | €000 |
| Méideanna a tugadh ar aghaidh ag 1 Eanáir 2014 | 39 |
| Íocaíochtaí in airgead tirim sa bhliain | 69 |
| Aistrithe go clár sócmhainní | (108) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014 | — |

**2.4 Banc agus Airgead Tirim**

| ag 31 Nollaig | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 1,005 | 106 |
| Orduithe íocaíochta gan íoc | — | (1) |
| | 1,005 | 105 |

**2.5 Stoic**

| ag 31 Nollaig | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | 43 | 47 |

**2.6 Iarmhéideanna Eile Dochair**

| ag 31 Nollaig | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ilghnéitheach | 416 | 334 |

| **2.7 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Méideanna dlite don Stát | | |
| Cáin ioncaim | 236 | 234 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 116 | 110 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 390 | 471 |
| Cáin Breisluacha | 1 | 20 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 1 | — |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 52 | 49 |
| | 796 | 884 |
| Asbhaintí den phárolla atá á gcoinneáil ar fionraí | 53 | 56 |
| Maoine Stáit | 1,117 | 289 |
| | 1,966 | 1,229 |

| **2.8 An Glanchistiú Státchiste atá le híoc** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le géilleadh | 840 | 1,611 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (1,385) | (2,401) |
| An glanchistiú Státchiste atá le híoc | (545) | (790) |
| | | |
| **Léirithe ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 1,005 | 105 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 416 | 334 |
| | 1,421 | 439 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (796) | (884) |
| Iarmhéideanna sochair: ar fionraí | (1,170) | (345) |
| | (1,966) | (1,229) |
| | | |
| | (545) | (790) |

| **2.9 Ceangaltais** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Iomlán na gceangaltas infhorfheidhmithe de réir dlí | 1,197 | 1,140 |

Cé nach raibh aon cheangaltais ar an Oifig i ndáil le táillí dlí ag deireadh na bliana, ní féidir iad seo a chainníochtú ar bhealach bunúsach agus bíonn faoi réir fachtóirí éiginnte agus guagacha a bhaineann go ginearálta le réamhaisnéisí costais dlí. Bíonn siad freisin faoi réir rialúcháin, áfach, a bhaineann le rialuithe costais agus aird ar theorainneacha buiséid.

**2.10 Dliteanais Aibí**

Is é an méid iomlán de dhliteanais aibí neamhscaoilte amhail an 31 Nollaig 2014 ná €70,750.

## 3 Caiteachas Cláir réir Fo-mhírcheann

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláthraithe sa mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Seirbhísí dlí a sholáthar** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 14,800 | 14,126 | 13,993 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 2,169 | 1,819 | 2,213 |
| A.3 | Seirbhísí seachtracha dlí | 200 | 179 | 268 |
| A.4 | Táillí abhcóide | 9,600 | 9,823 | 12,391 |
| A.5 | Costais ghinearálta dlí | 1,400 | 1,036 | 872 |
| | | 28,169 | 26,983 | 29,737 |

**Athruithe suntasacha**

Go foriomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €1.19 milliún níos lú ná mar a soláthraíodh. Ba iad seo a leanas na príomhdhifríochtaí:

| Teideal | Níos lú/ (níos mó) ná mar a luadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - pá | 674 | D'eascair coigilteas ós rud é gur thóg sé níos faide ná mar a bhíothas ag súil leis le folúntais dhlíthiúla a líonadh le linn na bliana. |
| Costais áitribh oifige | 148 | Tharla coigiltis mar thoradh ar leas a bhaint as conarthaí lárnaithe ó thaobh Fóntais agus ar chaiteachas níos lú ná mar a bhí súil leis ar throscán agus ar fheistis. |
| Táillí abhcóide | (223) | D'eascair an farasbarr ós rud é gur phléigh an oifig le roinnt cásanna casta a bhí go mór os comhair an phobail le linn na bliana. |
| Costais ghinearálta dlí | 364 | Bíonn caiteachas faoin bhfo-ceannteideal seo ag brath ar imeachtaí sna Cúirteanna agus dá bhrí sin bíonn sé deacair a thuar. |

# 4 Fáltais

**4.1 Leithreasaí-i-gcabhair**

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Costais agus táillí a fuair Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 1,000 | 641 | 530 |
| 2. | Fáltais ó laghdú a bhaineann le pinsean ar luach saothair | 860 | 873 | 902 |
| | | 1,860 | 1,514 | 1,432 |

**Míniú ar Athruithe Suntasacha**

Bhí an méid táilli réadaithe €346,000 níos lú ná measta. Ní féidir na costais a bhronnfar ar an Stát ná na táillí a aisghabhfar in aon bhliain a thuar go cruinn.

**4.2 Fáltais breise is iníoctha leis an Státchiste**

Fuair an Státchiste €16,074 (2013: €50,122) ar an iomlán faoin Acht Maoine Stáit, 1954.

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (comhionann le fostaithe lánaimsire) **ag deireadh na bliana** | 235 | 226 |

| | 2014<br>€000 | 2013<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 12,980 | 12,889 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 84 | 83 |
| Liúntais eile | 7 | 7 |
| Ragobair | 15 | 21 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,040 | 993 |
| **Pá iomlán** | **14,126** | **13,993** |

**5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht Aonair<br>2014<br>€ | Uasíocaíocht Aonair<br>2013<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Ard-Dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 40 | 1 | 12,382 | 10,434 |
| Liúntais eile | 4 | — | 1,783 | 1,783 |
| Ragobair | 10 | — | 3,745 | 5,920 |

Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin.

# 6 Ilghnéitheach

| 6.1 Costais Dlí | 2014 | 2013 |
| --- | --- | --- |
| | €000 | €000 |
| Rangaítear costais dlí a íocadh i rith na bliana mar seo a leanas: | | |
| Táillí abhcóide | 9,823 | 12,391 |
| Costais ghinearálta dlí | 987 | 862 |
| Scéim Oifig an Ard-Aighne | 49 | 10 |
| Seirbhísí seachtracha dlí | 179 | 268 |
| | 11,038 | 13,531 |

**6.2 Airgead Sealbhaithe ar Iontaobhas**

Tá roinnt cuntas bainc thráchtála ag Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (OPAS). Coimeádtar airgead sna cuntais seo ar iontaobhas ar son rannóg agus oifigí cliant agus ar son tríú páirtithe atá rannpháirteach go príomha in idirbhearta réadmhaoine. Ní chuirtear aon airgead ó vóta OPAS trí na cuntais bhainc seo. Ba é an méid a bhí iontu ag deireadh 2014 ná €1.67 milliún agus ní chuirtear an tsuim seo san áireamh sa chuntas. (2013: €2.384 milliún).